Ciste Gníomhaíochta Cláir

Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO)

Foirm um Ghníomhaíochtaí Mionsonraithe agus Buiséad

Úsáid an fhoirm seo chun sonraí a thabhairt faoi na gníomhaíochtaí atá ábhartha do do thogra don Chiste Gníomhaíochta Cláir le haghaidh 2017. Úsáid an táb ar leithligh 'Gníomhaíochtaí atá beartaithe' chun an fhoirm a chomhlánú.

Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú agus a uaslódáil mar chuid de do dhoiciméid tacaíochta. Mura gcuireann tú foirm chomhlánaithe isteach, ní bheidh an Chomhairle Ealaíon in ann d'iarratas a mheas agus measfar go bhfuil sé neamh-incháilithe. Cuimhnigh freisin gach ábhar tacaíochta eile atá riachtanach a thabhairt mar atá sonraithe i gcuid 1.7 de na Treoirlínte d'Iarratasóirí.

Tabhair faoi deara gur cheart go mbeadh an fhaisnéis a thugann tú anseo ag teacht leis an bhfaisnéis i d'fhoirm iarratais don Chiste Gníomhaíochta Cláir, go háirithe Cuid 2 agus Cuid 3.

Nótaí maidir leis an bhfaisnéis nach mór duit a chur ar fáil

Déan liosta de na gníomhaíochtaí in ord tosaíochta – tosaigh leis na cinn is daingne agus is mó forbairt agus atá mar thosaíocht ag d'eagraíocht.
Déanfar breith ar an ord tosaíochtaí a bheartaíonn tú má chinntear maoiniú a thabhairt do roinnt gnéithe ach ní na gnéithe ar fad de do chlár.
Déan cinnte go bhfuil na hiomláin a thugann tú sa ró deiridh 'Gníomhaíochtaí iomlána' ríofa i gceart. Ba cheart go mbeidís sin ag teacht leis na hiomláin i gcuid 3 de d'iarratas.

Maidir le gach gníomhaíocht atá beartaithe agat a dhéanamh sa bhliain 2017, tabhair an fhaisnéis seo a leanas le do thoil:

Teideal na gníomhaíochta:	Tabhair teideal do gach gníomhaíocht laistigh de do chlár beartaithe.
Cur síos ar an ngníomhaíocht:	**Cad** a tharlóidh? **Cé** hiad an príomhphearsanra agus na comhpháirtithe atá bainteach léi? **Cá** dtarlóidh sí? **Cathain** a tharlóidh sí? **Conas** a tharlóidh sí? Cuir faisnéis isteach maidir leis an gcur chuige/bpróiseas ealaíonta agus sonraí praiticiúla freisin.
Caiteachas:	Costais na gníomhaíochta. Miondealaigh de réir mar is cuí. Cuir isteach sonraí na gcostas go léir a bhaineann go speisialta leis an ngníomhaíocht amhail táillí ealaíontóirí, agus costais mhargaíochta, léirithe agus mheastóireachta.
Ioncam ó fhoinsí eile:	Ioncam ó fhoinsí eile (lena n-áirítear luach na ranníocaíochtaí comhchineáil) a leithdháilfidh tú ar an ngníomhaíocht seo. Féadfaidh tú d'ioncam a shocrú i gcoinne míreanna caiteachais aonair, nó i gcoinne an chaiteachais iomláin atá agat le haghaidh na gníomhaíochta seo. Tabhair ar aird gur cheart duit gach foinse ioncaim atá agat a ainmniú, agus cibé an bhfuil siad sin deimhnithe nó ar feitheamh, i gcuid 3.2 de d'fhoirm iarratais.
Maoiniú arna lorg ón gComhairle Ealaíon:	An méid maoinithe ón gComhairle Ealaíon atá beartaithe agat a leithroinnt don ghníomhaíocht seo. Féadfaidh tú an maoiniú a shocrú i gcoinne míreanna caiteachais aonair, nó i gcoinne an chaiteachais iomláin atá agat le haghaidh na gníomhaíochta seo.
Lucht Féachana/Rannpháirtithe:	Cuir san áireamh na figiúirí réamh-mheasta atá agat maidir le lucht féachana/rannpháirtithe le haghaidh na gníomhaíochta, agus tabhair le fios cén t-aoisghrúpa lena mbaineann siad Tabhair ar aird gur chóir caitheamh le rannán an bhuiséid agus leis an rannán lucht féachana/rannpháirtithe le haghaidh gach gníomhaíochta mar dhá thábla ar leithligh.
Gníomhaíochtaí iomlána	Cinntigh le do thoil go bhfuil do **chaiteachas iomlán, ioncam iomlán ó fhoinsí eile,** agus **an maoiniú arna lorg ón gComhairle Ealaíon** ag teacht le hiomláin an bhuiséid i gcuid 3 de d'fhoirm iarratais.

Sampla den chaoi ar chóir sonraí maidir le gach gníomhaíocht a bheartaítear a chomhlánú san fhoirm seo.

Gníomhaíocht: Tosaíocht 1 – Teideal:		
Cur síos ar an ngníomhaíocht: Cad a tharlóidh? Cé hiad an príomhphearsanra agus na comhpháirtithe atá bainteach léi? Cá dtarlóidh sí? Cathain a tharlóidh sí? Conas a tharlóidh sí? Cuir faisnéis isteach maidir leis an gcur chuige/bpróiseas ealaíonta agus sonraí praiticiúla freisin.		

Caiteachas		Ioncam		Lucht féachana/rannpháirtithe		
Mír	**Costas**	**Ioncam ó fhoinsí eile**	**Maoiniú arna lorg ón gComhairle Ealaíon**	**Aoisraon**	**√**	**Figiúirí réamh-mheasta**
Mír 1	3500	0	3500	0 - 6		
Mír 2	1500	0	1500	7 - 12		
Mír 3	2000	2000	0	13 - 15	√	30
Mír 4	2500	2000	500	16 - 17	√	60
				18 - 23		
Iomlán	**9500**	**4000**	**5500**	**Iomlán**		**90**

Gníomhaíocht: Tosaíocht 2 – Teideal:

Cur síos ar an ngníomhaíocht: Cad a tharlóidh? Cé hiad an príomhphearsanra agus na comhpháirtithe atá bainteach léi? Cá dtarlóidh sí? Cathain a tharlóidh sí? Conas a tharlóidh sí? Cuir faisnéis isteach maidir leis an gcur chuige/bpróiseas ealaíonta agus sonraí praiticiúla freisin.

Caiteachas		Ioncam		Lucht féachana/Rannpháirtithe		
Mír	**Costas**	**Ioncam ó fhoinsí eile**	**Maoiniú arna lorg ón gComhairle Ealaíon**	**Aoisraon**	**√**	**Figiúirí réamh-mheasta**
Mír 1	2000			0 - 6		
Mír 2	350			7 - 12		
Mír 3	650			13 - 15	√	30
				16 - 17		
				18 - 23		
Iomlán	**3000**	**1000**	**2000**	**Iomlán**		**30**

Gníomhaíochtaí iomlána	**12500**	**5000**	**7500**			**120**